

Poist Nua

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoi phoist nua atá le cruthú i nGaillimh. Sula bhféachann tú ar an tuairisc an féidir leat féin agus an duine in aice leat na téarmaí Gaeilge a aimsiú do na focail seo thíos:

1. It was announced
2. fifty
3. European centre
4. marketing research company
5. industrial & heavy manufacturing sector
6. mining
7. oil exploration
8. Minister for Enterprise, Trade & Employment
9. worthwhile / quality
10. investment

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc cúpla uair - an raibh an ceart agaibh? Cén Ghaeilge atá agaibh ar an fhocal Béarla *experience* a d'úsáid Jim Murren?

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna:

1. Cén áit agus cé mhéad post a fógraíodh?
2. Breac síos an méid eolais a tugadh faoi IIR.
3. Cad é TMD agus cén bhaint atá ag an chomhlacht seo le IIR?
4. Cé hiad na daoine a bheidh oiriúnach do na poist nua seo?

Ceist 4. *'go ceann bliana'*
Seo samplach den dobhriathar ama. Féach ar na samplaí eile seo thíos agus cuir in abairtí iad lena míniú a léiriú:

riamh
choíche
go deo
le linn
i gceann
go ceann
ar feadh

Ceist 5 *'leathchéad'*

- (a) Cén fáth a bhfuil séimhiú ar 'céad' sa sampla thuas?
- (b) Cuir na focail idir lúbíní i gcomhfhocail agus déan pé athrú is gá:

(sráid)(baile)	_____
(iris)(leabhar)	_____
(saor)(iriseoir)	_____
(idir)(bliain)	_____
(ainm)(focal)	_____
(cluas)(tuiscint)	_____

(c) Cén inscne atá ag na focail ó (b) thuas?

Ceist 6

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An bhfuil a fhios agat cén ghairm bheatha nó post ar mhaith leat agus tú níos sine?

Cén tábhacht a bhaineann leis an Ardteistiméireacht agus post a fháil?

An bhfuil ar mhórán daoine dul ar imirce sa lá atá inniu ann?

An mbeifeá féin sásta dul ar imirce mura mbeadh do phost foirfe le fáil in Éirinn?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 agus Ceist 2

1. It was announced – *fógraíodh é*
2. fifty – *leathchéad*
3. European centre – *lárionad Eorpach*
4. marketing research company – *comhlacht taighde margaíochta*
5. industrial & heavy manufacturing sector – *earnáil na tionsclaíochta agus na déantúsaíochta troime*
6. mining – *mianadóireacht*
7. oil exploration – *taiscéalaíocht ola*
8. Minister for Enterprise, Trade & Employment – *An tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta*
9. worthwhile / quality – *fiúntach*
10. investment – *infheistíocht*

experience – *taithí*

Ceist 3

1. Fógraíodh go bhfuil caoga post le cruthú i mBaile an Bhriotaigh, i gCathair na Gaillimhe.
2. Comhlacht taighde margaíochta as Texas, Meiriceá é. Baineann an taighde le hearnáil na tionsclaíochta agus na déantúsaíochta troime, leithéidí mianadóireacht agus taiscéalaíocht ola do mhargaí na hEorpa.
3. Comhlacht TMD a bhí sa Spidéal agus a d'fhostaigh cúig dhuine dhéag sular cheannaigh IIR é.
4. Bheadh na poist seo oiriúnach do dhaoine a bhfuil céimeanna acu, a bhfuil teangacha Eorpacha acu, agus a bhfuil taithí acu i gcúrsaí gnó.

Ceist 4

riamh (an t-am atá thart) – Ní fhaca mé duine chomh drochmhúinte leis **riamh**.

choíche (an t-am atá le teacht) – Ní íosfaidh mé feoil **choíche** arís.

go deo (an t-am atá le teacht) – Ní bheidh an obair seo déanta agam **go deo**.

le linn (*during*) – Bhí fonn caitheamh amach orm **le linn** an scrúdaithe.

i gceann (ag tagairt d'am atá le teacht) – Beidh mé ann **i gceann** uair a chloig.

go ceann (am i láthair ach atá ag bogadh ar aghaidh) - Beidh mé ann i gceann uair a chloig agus beidh mé ag fanacht ann **go ceann** dhá lá.

ar feadh (tagairt d'am cinnte san am atá thart nó sa todhchaí) – Bhí sé ansin **ar feadh** coicíse cheana féin agus beidh mé féin ann i gceann coicíse **ar feadh** seachtaine.

Ceist 5

(a) Nuair a thagann dhá fhocal le chéile chun focal nua a chruthú cuirtear séimhiú ar an dara focal nuair is féidir.

- (b) / (c) an tsráidbhaile *b*
an t-irisleabhar *f*
an saoririseoir *f*
an idirbhliain *b*
an t-ainmfhocal *f*
an chluastuiscint *b*

Braitheann inscne an chomhfhocail ar inscne an dara focal i gcónaí.

Ceist 6

Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Eimear Ní Chonaola

Fógraíodh inniu go bhfuil leathchhead post le cruthú i gCathair na Gaillimhe. Cruthóidh an comhlacht Meiriceánach *Industrial Info Resources* leathchhead post taighde margaíochta sa lárionad Eorpach atá bunaithe acu i mBaile an Bhriotaigh. Líonfar na folúntais as seo go ceann cúig bliana.

Sorcha Ní Mhonacháin

Comhlacht taighde margaíochta as Texas na Stát Aontaithe iad *Industrial Info Resources* nó IIR. Taighde a bhaineann le hearnáil na tionsclaíochta agus na déantúsaíochta troime, leithéidí mianadóireacht agus taiscéalaíocht ola do mhargaí na hEorpa a bheas ar bun sna hoifigí seo i mBaile an Bhriotaigh i nGaillimh. Ní fiontar go huile agus go hiomlán úr atá sna poist¹ a fógraíodh inniu. Cheannaigh an comhlacht Meiriceánach IIR comhlacht darbh ainm TMD teoranta a raibh cúig cloigne déag² fostaithe acu ar an Spidéal i gContae na Gaillimhe, agus bhog siad anseo bliain ó shin. Cruthaíodh deich bpost ó tharla an t-aistriú sin. Inniu agus é ag fógairt go bhfostóidh IIR caoga duine eile ó seo go ceann cúig bliana, dúirt an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Batt O’Keeffe gur poist fhiúntacha³ iad seo do chéimithe.

Jim Murren

Daoine as an Ollscoil, agus as an GMIT, daoine a bhfuil céimeanna acu, agus daoine a bhfuil *experience* acu, *em* i ngnó⁴ agus daoine a bhfuil teangacha éagsúla acu, teangacha Eorpacha acu.

Sorcha Ní Mhonacháin

Ní déarfadh⁵ an tÚdarás Forbartha Tionscail cé mhéad is fiú an infheistíocht atá déanta acu in IIR. Síltear go líonfar deich bpost den chaoga atá fógartha ó seo go ceann bliana. Sorcha Ní Mhonacháin, Nuacht TG4 i nGaillimh.

¹ postannaí a deirtear

² cúig chloigne déag a deirtear

³ postanna fiúntacha a deirtear

⁴ I gnó a deirtear

⁵ Ní abródh a deirtear